Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Samhain 2025
(OR. en)

14168/25

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0199 (NLE)**
**2025/0214 (NLE)**
**2025/0215 (NLE)**
**2025/0219 (NLE)**
**2025/0224 (NLE)**

**FISC 274**
**ECOFIN 1364**
**AND 13**
**CH 50**
**FL 56**
**MC 13**
**SM 13**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinntí ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích na bPrótacal Leasaitheach a ghabhann leis na Comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis, Lichtinstéin, Andóra, Monacó agus San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta<br>- Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Monacó maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais<br>- Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Lichtinstéin maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais<br>- Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Andóra maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais<br>- Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Monacó maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais<br>- Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais<br>= Glacadh |

1. An 10 Iúil agus an 17 Iúil 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle na tograí le haghaidh Cinntí ón gComhairle maidir le síniú[1] agus tabhairt i gcrích[2] na bPrótacal Leasaitheach a ghabhann leis na Comhaontuithe idir an tAontas agus, faoi seach, an Eilvéis, Lichtinstéin, Andóra, Monacó agus San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta. I gcás na hEilvéise, cumhdaítear freisin leis an togra maidir le síniú an cur i bhfeidhm sealadach.

2. Is é is aidhm do na Comhaontuithe atá ann cheana feabhas a chur ar an gcomhlíonadh cánach idirnáisiúnta i gcomhréir leis an gComhchaighdeán Tuairiscithe (CCT) a d'fhorbair an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE). An 26 Lúnasa 2022, d'fhormheas ECFE athruithe ar CCT a mbeidh feidhm acu ón 1 Eanáir 2026. Is é príomhaidhm na dtograí le haghaidh na gCinntí thuasluaite ón gComhairle a áirithiú go mbeidh an t-uathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais idir Ballstáit an Aontais agus na cúig thír faoi seach ailínithe le CCT nuashonraithe agus go leanfar den uathmhalartú sin ón 1 Eanáir 2026.

3. An 21 Lúnasa 2025, d'eisigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) a thuairimí maidir leis na tograí le haghaidh na gCinntí ón gComhairle[3].

4. An 3 Meán Fómhair 2025, ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Díreach), tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú maidir leis na téacsanna comhréitigh ón Uachtaránacht i ndáil leis na Cinntí ón gComhairle maidir leis an síniú an tabhairt i gcrích, agus maidir leis na Prótacail Leasaitheacha, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch ar na téacsanna. A mhéid a bhaineann leis an gCinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas agus an Eilvéis, chomhaontaigh na toscaireachtaí freisin gur cheart ráiteas ón gComhairle a bheith ag gabháil leis an gCinneadh sin ón gComhairle (14168/25 ADD 1) atá le cur le miontuairiscí an chruinnithe den Chomhairle lena nglactar an Cinneadh. Ina theannta sin, thug na toscaireachtaí dá n-aire an ráiteas ón gCoimisiún (14168/25 ADD 2) a ghabhann leis na miontuairiscí sin. Beidh na ráitis sin ina gcuid dhílis den chomhthéacs ina nglacfaidh an Chomhairle an Cinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gcomhaontú idir an tAontas agus an Eilvéis.

---

[1] 11510/25 + ADD 1 (an Eilvéis), 11751/25 + ADD 1 (Lichtinstéin), 11750/25 + ADD 1 (Andóra), 11760/25 + ADD 1 (Monacó), 11763/25 + ADD 1 (San Mairíne).

[2] 11511/25 (an Eilvéis), 11756/25 (Lichtinstéin), 11746/25 (Andóra), 11759/25 (Monacó), 11761/25 (San Mairíne).

[3] Doiciméid 12199/25 (an Eilvéis), 12195/25 (Lichtinstéin), 12196/25 (Andóra), 12197/25 (Monacó), 12198/25 (San Mairíne).

5. Cuireadh an Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) ar an eolas faoi staid na himeartha an 23 Meán Fómhair 2025.

6. Ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais na Cinntí ón gComhairle maidir le síniú na bPrótacal Leasaitheach a ghabhann leis na Comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis, Lichtinstéin, Andóra, Monacó agus San Mairíne faoi seach an 10 Deireadh Fómhair 2025[4]. Ina dhiaidh sin, shínigh an Coimisiún agus na tíortha a leanas faoi seach na Prótacail Leasaitheacha a ghabhann leis na Comhaontuithe idir an tAontas agus Lichtinstéin, Andóra, Monacó agus San Mairíne[5] an 13 Deireadh Fómhair 2025 agus shínigh an Coimisiún agus an Eilvéis an Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas agus an Eilvéis[6] an 20 Deireadh Fómhair 2025.

7. Vótáil Parlaimint na hEorpa ar a tuairimí maidir leis na Cinntí ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích na bPrótacal Leasaitheach ag an seisiún iomlánach a bhí aici an 13 Samhain 2025.[7]

8. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Coreper a mholadh don Chomhairle an méid a leanas a ghlacadh mar mhír A ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

– (a) An <u>Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích</u> an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus <u>Cónaidhm na hEilvéise</u> maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 11651/25;

– An <u>Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích</u> an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus <u>Prionsacht Lichtinstéin</u> maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 11788/25;

---

**4** 11648/25 (an Eilvéis), 11785/25 (Lichtinstéin), 11782/25 (Andóra), 11793/25 (Monacó), 11799/25 (San Mairíne).

**5** 11786/25 (Lichtinstéin), 11783/25 (Andóra), 11796/25 (Monacó), 11800/25 (San Mairíne).

**6** 11650/25.

**7** 14207/25 (an Eilvéis), 14208/25 (Lichtinstéin), 14209/25 (Andóra), 14210/25 (Monacó), 14211/25 (San Mairíne).

– An Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 11781/25;

– An Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh, a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Mhonacó maidir le malartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta i gcomhréir leis an gCaighdeán maidir le hUathmhalartú Faisnéise i dtaca le Cuntais Airgeadais i gCúrsaí Cánach arna fhorbairt ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 11791/25;

– An Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air in 11797/25;

(b) i ndáil leis an gCinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis:

– an ráiteas ón gComhairle atá in 14168/25 ADD 1 a fhormheas, é a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe den Chomhairle lena nglactar an Cinneadh seo agus an ráiteas a chur ar fáil go poiblí;

– an ráiteas ón gCoimisiún atá in 14168/25 ADD 2 a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe den Chomhairle lena nglactar an Cinneadh seo agus aontaíonn sé an ráiteas a chur ar fáil go poiblí.